

# 1916 · 2016

## CLÁR COMÓRTHA CÉAD BLIAIN
*Centenary Programme*

BAILE ÁTHA CLIATH THEAS

SOUTH DUBLIN COUNTY

# The Seven Programme Strands
# Seacht Snáithe an Chláir

THE IRELAND 2016 CENTENARY PROGRAMME is built on Seven Programme Strands which, taken together, reflect the themes of Remembering, Reconciling, Presenting, Imagining and Celebrating. The programme will continue to grow and develop over the coming months. To see the updated programme, other county programmes and the national programme for 2016, please visit www.ireland.ie

TÁ ÉIRE 2016: CLÁR COMÓRTHA CÉAD BLIAIN bunaithe ar Sheacht Snáithe an Chláir, agus nuair a thógtar iad sin i dteannta a chéile, léiríonn siad na téamaí Cuimhneamh, Athmhuintearas, Cur i Láthair, Samhlú agus Ceiliúradh. Leanfar ar aghaidh le fás agus forbairt na gclár sna míonna amach romhainn. Leis an gclár nuashonraithe a fheiceáil, chomh maith le cláir chontaetha eile agus an clár náisiúnta le haghaidh 2016, téigh chuig www.ireland.ie

## State and Local Ceremonial
## Searmanais Stáit agus Áitiúla

Formal commemorative events, focused on remembering and honouring those who took part in the Easter Rising, and especially those who gave their lives.

Beidh imeachtaí foirmiúla comóraidh ann a bheidh dírithe ar na daoine a ghlac páirt in Éirí Amach na Cásca, go háirithe iad siúd a thug a mbeatha lena linn, a thabhairt chun cuimhne agus a onórú.

## Historical Reflection
## Machnamh ar an Stair

A range of history-based activities and initiatives, designed to deepen and broaden our understanding of the events of 1916 and that pivotal period in our history.

Beidh réimse gníomhaíochtaí agus tionscnamh staire ann a cheapfar chun ár dtuiscint ar imeachtaí 1916 agus an tréimhse ríthábhachtach sin inár stair a dhoimhniú agus a leathnú.

## The Living Language
## An Teanga Bheo

Reflecting on the central place of the Irish language in the ideals of the Revolutionary Generation and celebrating the language through a diverse programme of events.

Cuirfear clár ilghnéitheach imeachtaí ar siúl mar léiriú ar áit lárnach na Gaeilge in idéil na glúine réabhlóidí agus chun an teanga a cheiliúradh.

## Youth and Imagination
## An Óige agus an tSamhlaíocht

Placing children and young people at the centre of the Ireland 2016 Centenary Programme and integrating historical exploration with a range of imaginative activities.

Cuirfear leanaí agus daoine óga i gcroílár Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain agus déanfar iniúchadh ar cheisteanna staire a chomhtháthú le réimse gníomhaíochtaí samhlaíocha.

## Cultural Expression
## Léiriú Cultúrtha

Working with our creative community and arts organisations to reflect on our past, our present and our future, with a focus on 1916.

Oibriú lenár bpobal cruthaitheach agus eagraíochtaí ealaíon chun machnamh a dhéanamh ar an am atá thart in Éirinn, ar an saol atá ann faoi láthair agus ar a bhfuil i ndán dúinn amach anseo, agus béim faoi leith ar chuimhneachán 1916.

## Community Participation
## Rannpháirtíocht an Phobail

Encouraging widespread citizen engagement in 1916 related events, involving the broadest possible community and voluntary sector participation in towns and villages throughout the country.

Saoránaigh a spreagadh le páirt a ghlacadh in imeachtaí a bhainfidh le 1916, sa chaoi is go mbeidh an rannpháirtíocht is mó is féidir ag na hearnálacha deonacha agus pobail i mbailte agus i sráidbhailte ar fud na tíre.

## Global and Diaspora
## Éireannaigh ar fud an Domhain agus an Diaspóra

Inviting the global Irish family and friends of Ireland from all over the world to join us in remembering, reflecting and re-imagining.

Cuireadh a thabhairt do chlanna Gael ó gach cearn den domhan agus do chairde na hÉireann a bheith linn agus muid ag cuimhneamh, ag déanamh machnaimh agus ag athshamhlú.

# Foreword
# Brollach

South Dublin County is most associated with PH Pearse (1879–1916), teacher, writer and patriot. In 1910, Pearse leased the Hermitage in Rathfarnham from a Mr. Woodburn and moved St. Enda's school, which he had originally established in Ranelagh, to Rathfarnham so that his pupils could have scope for the outdoor life that he felt should play a large part in the education of youth. The school was intended as a model for a new Irish education system. Pearse was devoted to the education of Irish children through the Irish language, with a strong emphasis on nationalism. Thomas MacDonagh (1878–1916), teacher, playwright and patriot, and one of seven signatories to the Proclamation, also resided at the Hermitage where he was the first teacher on the staff at St. Enda's.

Pearse joined the Irish Republican Brotherhood in 1913 and was co-opted onto its supreme council. He was also elected to the provisional committee of the Volunteers. In 1915 he gave a famous oration at the funeral of the Fenian, O'Donovan Rossa, in Glasnevin Cemetery which ended with the resounding phrase "Ireland unfree shall never be at peace". In 1916 he was the commander-in-chief of the insurgents and was regarded as the president of the Provisional Republic. On the 23rd April 1916, Pearse left St. Enda's with his younger brother William for the city centre, on his bike, for the last time.

*"Bulfin was not very long away, and when he returned he said ' We will have to wait for a while, but I saw him in Liberty Hall. There was a conference on and I had to wait until it was over.' Bulfin said that Pat had said they were not to leave the house that they were to stand to arms until they got a message as to what to do. Bulfin also said that if possible they would come out to see Mother and myself again. They did come. It was somewhere between five and six o'clock that Bulfin gave us this message, and Pat and Willie arrived not so long after him, at about six o'clock. They had tea with us. I asked Pat where they had spent the night, and he told me in the home of Seán T. O'Kelly - that would be his mother's home. Pat gave me to understand that they were going back to remain there that night also.*

Is le PH Mac Piarais (1879–1916), is mó a bhfuil baint ag Contae Átha Cliath Theas, múinteoir, scríbhneoir agus tírghráthóir. I 1910, léasaigh an Piarsach an Hermitage [Díseart] i Ráth Fearnáin ó dhuine darbh ainm dó an tUasal Woodburn agus bhog sé scoil Éanna, a bhunaigh sé go príomha i Raghnallach, go Ráth Fearnáin d'fhonn go mbeadh riar ag a chuid daltaí ar an saol lasmuigh, rud a mheas sé a bheith tábhachtach in oideachas an aos óig. Bhí sé i gceist go mbeadh an scoil ina samhail mar chóras úrnua oideachais Ghaelaigh. Bhí croí an Phiarsaigh sáite in oideachas trí Ghaeilge do pháistí Gaelacha, agus béim láidir aige ar an náisiúnachas. Bhí Tomás Mac Donagh (1878–1916), múinteoir, drámadóir agus tírgráthóir, agus duine den seachtar a shínigh an Forógra, freisin ina chónaí sa Hermitage, áit a ba eisean an chéad mhúinteoir ar fhoireann Naomh Éanna.

I 1913 chuaigh an Piarsach le Bráithreachas Phoblacht na hÉireann agus comhthoghadh é ar a chomhairle uachtarach. Toghadh freisin é do choiste sealadach na nÓglach. I 1915 thug sé óráid cháiliúil ag sochraid an Fhínín, Ó Donnabháin Rosa i reilig Ghlas Naíon, a chríochnaigh sé leis an bhfrása cumhachtach "Ireland unfree shall never be at peace". I 1916 bhí sé ina ardcheannasaí ar na h-óglaigh agus aithníodh é mar uachtarán na Poblachta Sealadaí. Ar an 23 Aibreán 1916, d'fhág an Piarsach Naomh Éanna ar a rothar, lena dheartháir níos óige, William, le dul go lár na cathrach don uair dheireanach.

*"Ní rófhada a bhí Bulfin imithe, agus nuair a d'fhill sé dúirt sé 'Beidh orainn fanacht ar feadh tamaill, ach chonaic mé é i Halla na Saoirse. Bhí comhdháil ann agus bhí orm fanacht go dtí go raibh sé thart.' Dúirt Bulfin go ndúirt Pat nach raibh siad leis an teach a fhágáil ach go gcaithfeadh siad an fód a sheasamh go dtí go bhfaigheadh siad teachtaireacht faoina raibh le déanamh acu. Dúirt Bulfin freisin go dtiocfadh siad lena Máthair agus mé féin a fheiceáil arís, dá dtiocfadh leo. Tháinig siad. Am éigin idir a cúig agus a sé a chlog a bhí sé nuair a fuaireamar an scéal seo ó Bhulfin, agus go gairid ina dhiaidh sin tháinig Pat agus Willie, thart ar a sé a chlog. Dúth siad dinnéar linn. Chuir mé ceist ar Phat cár chaith siad an oíche, agus d'inis sé dom go raibh siad i dteach Shéain T. Uí Cheallaigh - teach a mháthar a bhí i gceist. Thug Pat le fios dom go mbeadh siad ag dul ar ais leis an oíche sin a chaitheamh ann chomh maith.*

*After tea and a little talk they both arranged to leave us again. As they were passing through the front hall Pat suddenly turned back and went down the stairs again. Mother said, 'Did you forget something?' He said 'I did'. He came back and either Mother or I asked him 'Did you get it?'—I do not know what it was that he had forgotten—his answer was 'I did'. Those were the last words I ever heard him speak"*

**Margaret Pearse (sister)**
**The Last Days of Pat and Willie Pearse at St. Enda's**

After a week of fighting Pearse agreed to surrender unconditionally and was subsequently held at Kilmainham Gaol and executed on 16th May 1916.

St. Enda's school remained open after Pearse's death but finally closed in 1935. The house remained in the ownership of Margaret Pearse until her death. In 1968, St. Enda's passed into the hands of the state and has since been opened as a museum and public park located on the Grange Road in Rathfarnham.

### CENTENARY COMMEMORATIONS

In addition to the story of local events, the impacts of the Easter Rising have been felt in South Dublin County, as elsewhere in the country, for the decades which followed the Rising, through the War of Independence and the Civil War, and through the past 100 years to today. The commemorations in 2016 will explore and reflect on the impact of the Easter Rising in South Dublin County at both the local and national level.

For the centenary of the 1916 Rising, we will commemorate these local events, the people involved and the families affected, through cultural performances, publications, historical reflections, lectures, sporting events and educational programmes. We will also commemorate the ideals, people and events of Easter 1916 in the broader context, with a reflection on our history as a nation and our development as a people, through the full programme of events and activities described in brief here in our programme.

*I ndiaidh am tae agus giota beag comhrá bheartaigh siad sinn a fhágáil arís. Chas Pat thart go tobann, agus iad ag dul amach tríd an halla tosaigh, agus chuaigh sé síos staighre arís. Arsa an Mháthair leis, 'An ndearna tú dearmad de rud éigin?' 'Rinne', a dúirt sé. Tháinig sé ar ais agus d'iarr mise, nó an Mháthair air 'An bhfuair tú é?'—Níl a fhios agam cad é rud a rinne sé dearmad dó—'Fuair' a d'fhreagair sé. Níor chuala mé a ghlór choíche ina dhiaidh sin"*

**Maighréad Nic Phiarais (deirfiúr)**
**The Last Days of Pat and Willie Pearse at St. Enda's**

I ndiaidh seachtaine troda, thoiligh an Piarsach géilleadh gan choinníoll agus coinníodh i bPríosún Chill Mhaighneann é, agus cuireadh chun báis é ar an 16 Bealtaine 1916.

Lean scoil Naomh Éanna ar aghaidh ag feidhmiú tar éis bhás an Phiarsaigh, ach druideadh í sa deireadh i 1935. Bhí an teach faoi úinéireacht Mhaighréad Nic Phiarais go dtí go bhfuair sí bás. I 1968, ghlac an stáit seilbh ar Naomh Éanna agus ó shin osclaíodh í mar iarsmalann agus páirc phoiblí suite ar Bhóthar an Ghráinsí, Ráth Fearnáin.

### CUIMHNEACHÁIN CÉAD BLIAIN

Mar aon le scéal imeachtaí áitiúla, bhí iarmhairtí Éirí Amach na Cásca le mothú i gContae Átha Cliath Theas, mar a bhí in áiteanna eile sa tír, ar feadh blianta fada tar éis an Éirí Amach, trí Chogadh na Saoirse agus Cogadh na gCarad, agus le céad bliain anuas go dtí an lá atá inniu ann. Déanfaidh cuimhneacháin 2016 imscrúdú agus machnamh ar iarmhairtí Éirí Amach na Cásca i gContae Átha Cliath Theas, agus ag leibhéal náisiúnta chomh maith.

Le haghaidh chuimhneachán céad bliain seo Éirí Amach 1916, déanfaimid na himeachtaí áitiúla seo, mar aon le daoine a bhí páirteach iontu, agus teaghlaigh a ndeachaigh na himeachtaí seo i bhfeidhm orthu, a chomóradh, trí léirithe cultúrtha, foilseacháin, machnamh ar an stair, léachtaí, imeachtaí spóirt agus cláir oideachasúla. Freisin beimid ag comóradh idéil, daoine agus imeachtaí na Cásca 1916 i gcomhthéacs níos fairsinge, agus sinn ag déanamh machnaimh ar ár stair mar náisiún agus ar ár bhforbairt mar phobal, tríd an gclár iomlán imeachtaí agus gníomhaíochtaí a gcuirtear síos orthu anseo.

This plan has been written in consultation with South Dublin County Council's Commemorations Committee, which comprises the Elected Members of South Dublin County Council and is supported by a cross departmental working team. The Commemorations Committee will co-ordinate the implementation of the programme in South Dublin County, throughout 2016.

ROLE OF COMMUNITIES

Communities are vital in the planning and delivery of the programme for commemoration at county level. The wider community in South Dublin County has been involved with the development of this plan, through a call for submissions in April 2015, and two public workshops held in June and July 2015.

Many of the submissions received and contributions to the workshops outlined what communities across South Dublin County were already planning for the commemoration of 1916, and also detailed what individuals and groups believe should happen at county level and wider for the commemorations. All submissions have been carefully considered and are reflected in this plan.

In addition, South Dublin County Council's commemorations fund was launched in mid 2015. 35 applications for support were granted. Details of the projects and initiatives approved for funding under this grant scheme are detailed in the Appendix 1 and will also be available in our 2016 Commemorations Calendar of Events which will be published on the councils website *www.sdcc.ie*

Our programme of engagement commenced in 2015 with a period of reflection on the people and events of 1916 both at national and local level, and with public consultation to encourage debate on the topics and themes of the commemoration.

Scríobhadh an plean seo i gcomhairle le Coiste Cuimhneacháin Chontae Átha Cliath Theas, ina n-áirítear Baill Thofa Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, le tacaíocht mheitheal tras-rannach. Déanfaidh an Coiste Cuimhneacháin cur i bhfeidhm an chláir a chomhordú i gContae Átha Cliath Theas le linn 2016.

RÓL AN PHOBAIL

Tá comhphobail ríthábhachtach i bpleanáil agus i seachadadh chlár an chomóraidh ag leibhéal an chontae. Tá lámh ag comhphobal mór Chontae Bhaile Átha Cliath Theas i bhforbairt an phlean seo, trí aighneachtaí a lorgaíodh in Aibreán 2015, agus trí dhá cheardlann a cuireadh ar siúl i mí an Mheithimh agus mí Iúil 2015.

Bhí cur síos i gcuid mhór de na haighneachtaí a fuarthas ar imeachtaí a bhí i gceist cheana ag comhphobail i gContae Átha Cliath Theas maidir le comóradh 1916, maille le mionsonraí faoi thuairimí dhaoine aonair agus ghrúpaí faoi imeachtaí ar chóir a bheith ag tarlú le linn na gcomóradh. Rinneadh gach iarratas a mheas go cúramach agus tá sin le feiceáil sa phlean seo.

In éineacht leis sin, seoladh ciste comórtha Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas i lár 2015. Ceadaíodh 35 iarratas ar thacaíocht. Tá sonraí faoi na tionscadail agus na tionscnaimh a bhfuil maoiniú ceadaithe dóibh faoin scéim deontas seo in Aguisín 1 agus beidh siad ar fáil chomh maith inár bhFéilire Ócáidí Comórtha le haghaidh 2016, rud a fhoilseofar ar shuíomh gréasáin na comhairle ag *www.sdcc.ie*

Cuireadh tús lenár gclár rannpháirtíochta in 2015 le tréimhse mhachnaimh ar dhaoine agus ar imeachtaí 1916 ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil, agus le comhairliúchán poiblí chun díospóireacht a spreagadh ar thopaicí agus ar théamaí an chomóraidh.



# Programme
# An Clár

## Ceremonial
## Searmanais

| | | |
|---|---|---|
| 9TH APRIL 2016<br>9 AIBREÁN 2016<br>Rathfarnham<br>Ráth Fearnáin | **An official visit will take place to Pearse Museum, St. Enda's Park** to commemorate PH Pearse, the educationalist and literary figure. | **Cuirfear cuairt oifigiúil chuig Iarsmalann an Phiarsaigh, Páirc Naomh Éanna** le PH Mac Piarais, oideachasóir agus fear liteartha a chomóradh. |
| 15TH MARCH 2016<br>15 MÁRTA 2016<br>CÁISC 2016<br>Clondalkin<br>Cluain Dolcáin<br><br>11TH APRIL 2016<br>11 AIBREÁN 2016<br>CÁISC 2016<br>Tallaght<br>Tamhlacht | **Proclamation Day**<br>Ceremonies at County Hall, Tallaght and Civic Offices Clondalkin. | **Lá an Fhorógra**<br>Searmanais in Halla an Chontae, Tamhlacht agus Oifigí Cathartha Chluain Dolcáin. |

## Historical Reflection
## Machnamh ar an Stair

| | | |
|---|---|---|
| TO BE LAUNCHED END OF 2016<br>LE SEOLADH AG DEIREADH 2016<br>County Wide<br>Ar fud an Chontae | **Development of County Rebellion Trail**<br>To interpret and make accessible historical sites in the County relating to the history of rebellion in South Dublin County up to the War of Independence and including 1916. | **Forbairt Chonair Éirí Amach an Chontae**<br>Chun tuiscint ar shuíomhanna stairiúla a bhaineann le stair an éirí amach sa Chontae a chothú, agus deis a thabhairt teacht orthu i gContae Átha Cliath Theas, suas go dtí Cogadh na Saoirse agus 1916 san áireamh. |
| 12TH JANUARY 2016<br>12 EANÁIR 2016<br>7:00PM<br>County Library, Tallaght<br>Leabharlann an Chontae, Tamhlacht | **James Connolly**<br>A talk on the life of James Connolly, by his grandson, James Connolly Heron. This event is in association with Tallaght Historical Society. | **Séamus Ó Conghaile**<br>Caint ar shaol Shéamuis Uí Chonghaile ag a gharmhac, James Connolly Heron. Is i bhfochair Tallaght Historical Society a bheidh an imeacht seo. |

| | | |
|---|---|---|
| 4TH FEBRUARY 2016<br>4 FEABHRA 2016<br>6:30PM<br>Ballyroan Library<br>Leabharlann Bhaile Uí Ruáin | **Launch of Women of the 1916 Rising Exhibition**<br>Official launch by Mayor of South Dublin County. | **Seoladh an Taispeántais Mná an Éirí Amach 1916**<br>Seoladh oifigiúil le Maor Chontae Átha Cliath Theas. |
| 9TH FEBRUARY 2016<br>9 FEABHRA 2016<br>7:00PM<br>County Library, Tallaght<br>Leabharlann an Chontae, Tamhlacht | **Roger Casement**<br>A talk on the life of Roger Casement, by barrister and historian John McGuiggan. This event is in association with Tallaght Historical Society. | **Roger Casement**<br>Caint faoi shaol Roger Casement, leis an abhcóide agus staraí agus staraí John McGuiggan. Is i bhfochair Tallaght Historical Society an imeacht seo. |
| Late Feb/Early Mar. Date to be confirmed, please visit www.southdublinlibraries.ie for details of event<br>Deireadh Feabhra/Tús mhí an Mhárta. Tá na dátaí le bheith deimhnithe. Tabhair cuairt ar www.southdublinlibraries.ie chun sonraí na hócáide a fháil, le do thoil<br>County Library, Tallaght<br>Leabharlann an Chontae, Tamhlacht | **Paths to Freedom**<br>Full day conference on the many 'shades of green' that existed in the run-up to the 1916 Rising, featuring Myles Dungan.<br>Visit *www.southdublinlibraries.ie* for further details. | **Bealaí na Saoirse**<br>Comhdháil lae iomláin faoin iliomad 'dathanna glasa' a bhí ann sa tréimhse roimh Éirí Amach 1916, le Myles Dungan.<br>Tuilleadh mionsonraí ar fáil ag *www.southdublinlibraries.ie* |
| 18TH FEBRUARY 2016<br>18 FEABHRA 2016<br>6:30PM<br>County Library, Tallaght<br>Leabharlann an Chontae, Tamhlacht | **Launch of South Dublin and the 1916 Rising Exhibition** | **Seoladh Thaispeántais Átha Cliath Theas agus Éirí Amach 2016** |
| 22ND FEBRUARY 2016<br>22 FEABHRA 2016<br>7:30PM<br>Ballyroan Library<br>Leabharlann Bhaile Uí Ruáin | **The Women of the Rising**<br>A talk by historian Liz Gillis | **Mná an Éirí Amach**<br>Caint leis an staraí Liz Gillis |
| 7TH MARCH 2016<br>7 MÁRTA 2016<br>9:30AM–11:00AM<br>11:30AM–1:00PM<br>Lucan Library<br>Leabharlann Leamhcáin | **How did People Live in 1916?**<br>Education and history through the medium of creative drama. Workshops for secondary schools. | **Conas mar a bhí an Saol i 1916?**<br>Oideachas agus stair trí mheán na drámaíochta cruthaithí. Ceardlanna do mheánscoileanna. |
| 8TH MARCH 2016<br>8 MÁRTA 2016<br>7:00PM<br>County Library, Tallaght<br>Leabharlann an Chontae, Tamhlacht | **Josie: A Brief Flame**<br>To mark International Women's Day, Micheál Ó Doibilín will give a talk on Josie McGowan, Cumann na mBan, Marrowbone Lane Garrison, 1916. This event is in association with Tallaght Historical Society. | **Josie: Lasair Ghearr**<br>Le Lá Idirnáisiúnta na mBan a aithint, tabharfaidh Micheál Ó Doibilín caint ar shaol Josie McGowan, Cumann na mBan, Garastúin Lána Marrowbone, 1916. Is i bhfochair Tallaght Historical Society a bheidh an imeacht seo. |



| | | |
|---|---|---|
| 8TH MARCH 2016<br>8 MÁRTA 2016<br>7PM<br>Lucan Library<br>Leabharlann Leamhcáin | **Cumann na mBan and the 1916 Rising, Focusing on the women of South Dublin County**<br>A talk by Ann Matthews to mark International Women's Day. | **Cumann na mBan agus Éirí Amach 1916, agus fócas ar mhná Chontae Bhaile Átha Cliath Theas**<br>Caint le Ann Matthews chun ceiliúradh a dhéanamh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan. |
| MARCH/APRIL 2016<br>MÁRTA/AIBREÁN 2016<br>County Library, Tallaght<br>Contact<br>localstudies@sdublincoco.ie<br>Leabharlann an Chontae, Tamhlacht<br>Contact<br>localstudies@sdublincoco.ie | South Dublin Libraries, as part of the Decade of Centenaries, is printing a 2,000 edition facsimile of the commemorative pages of the 1966 "50th Anniversary of the 1916 Rising" Capuchin Annual which has the agreement of the Capuchin Order, and the co-operation of Eneclann the history and heritage company who are kindly providing scans of the original pages. South Dublin Libraries will be covering the cost of printing, and all profits will be donated to the Capuchin Order's Day Centre in Church Street, Dublin, who rely primarily on the generosity of the public to provide for the needs of the poor of Dublin. | Mar chuid de na Deich mBliana Comórtha, tá Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas ag cló macasamhail 2,000 eagrán de leathanaigh comórtha Bhliainris na gCaipisíneach ó 1966 dar teideal "50th Anniversary of the 1916 Rising" i gcomhar leis na Caipisínigh, agus i gcomhar le hEneclann, an chuideachta staire agus oidhreachta a chuir cóipeanna scanta de na leathanaigh bhunaidh ar fáil go fial. Beidh Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas ag íoc as an gcostas cló agus tabharfar brabús ar bith d'Ionad Lae na gCaipisínech ar Shráid an Teampaill, Baile Átha Cliath, dream a bhraitheann go príomha ar fhlaithiúlacht an phobail chun cur ar fáil a dhéanamh do riachtanas na mbochtán i mBaile Átha Cliath. |
| 22ND MARCH 2016<br>22 MÁRTA 2016<br>7:00PM<br>County Library, Tallaght<br>Leabharlann an Chontae, Tamhlacht | **Lives of the 1916 Leaders**<br>A talk by Seán O'Gorman. This event is in association with Tallaght Historical Society. | **Saol Cheannairí 1916**<br>Caint le Seán O'Gorman. Is i bhfochair Tallaght Historical Society a bheidh an imeacht seo. |
| 23RD MARCH 2016<br>23 MÁRTA 2016<br>6:30PM<br>County Library, Tallaght<br>Leabharlann an Chontae, Tamhlacht | **Launch of South Dublin and the 1916 Rising Oral History Collection**<br>A collection of recordings made with the descendants of South Dublin people who participated in the Rising, or those with a connection to South Dublin County. Interviewees include former Taoiseach Liam Cosgrave and Fr. Seán O'Cuiv, grandson of Eamon de Valera. | **Seoladh Cnuasach Bhaile Átha Cliath Theas agus Cnuasach Bhéaloideas Éirí Amach 1916**<br>Bailiúchán thaifeadtaí a rinneadh le sliocht daoine Átha Cliath Theas a ghlac páirt san Éirí Amach, nó iad siúd a bhfuil ceangal acu le Contae Átha Cliath Theas. I measc na n-agallaithe tá an tIar-Thaoiseach Liam Cosgrave agus an tAth Seán Ó Cuív, garmhac Éamon de Valera. |

| | | |
|---|---|---|
| 4TH APRIL 2016<br>4 AIBREÁN 2016<br>7:00PM<br>Lucan Library<br>Leabharlann Leamhcáin<br>13TH APRIL 2016<br>13 AIBREÁN 2016<br>7:00PM<br>Ballyroan Library<br>Leabharlann Bhaile Uí Ruáin<br>21ST APRIL 2016<br>21 AIBREÁN 2016<br>7:00PM<br>Clondalkin Library<br>Leabharlann Chluain Dolcáin | **South Dublin and the 1916 Rising in Oral Histories**<br>A presentation of the South Dublin and the 1916 Rising Oral History Collection by Maurice O'Keeffe of Irish Life and Lore. | **Seoladh Cnuasach Bhaile Átha Cliath Theas agus Cnuasach Bhéaloideas Éirí Amach 1916**<br>Seoladh oifigiúil an chnuasaigh le Maor Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, agus cur i láthair faoin dtaispeántas le Maurice O'Keeffe ó *Irish Life and Lore*. |
| 18TH APRIL 2016<br>18 AIBREÁN 2016<br>7PM<br>Lucan Library<br>Leabharlann Leamhcáin<br>19TH APRIL 2016<br>19 AIBREÁN 2016<br>7PM<br>Ballyroan Library<br>Leabharlann Bhaile Uí Ruáin<br>26TH APRIL 2016<br>26 AIBREÁN 2016<br>7PM<br>County Library, Tallaght<br>Leabharlann an Chontae, Tamhlacht<br>28TH APRIL 2016<br>28 AIBREÁN 2016<br>7PM<br>Clondalkin Library<br>Leabharlann Chluain Dolcáin | **Dublin One City One Book**<br>Dublin: 1916, a talk by distinguished social and labour historian Pádraig Yeates which will look at the effects of the Rising on ordinary lives in the city, including new records from the Dublin Military Police. This is part of the Dublin One City One Book programme whose chosen book for 2016 is Fallen by Lia Mills - a remarkable love story amidst the ruins of the First World War and the Easter Rising.<br><br>Admission free but booking advisable. | **Baile Átha Cliath - Cathair Amháin, Leabhar Amháin**<br>Baile Átha Cliath: 1916, caint leis an staraí céimiúil sóisialta agus oibre Pádraig Yeates, rud a scrúdóidh éifeachtaí an Éirí Amach ar shaol na ngnáthdhaoine sa chathair, le taifid nuafhaighte ó Phóilíní Míleata Bhaile Átha Cliath. Seo cuid de chlár 'Baile Átha Cliath - Cathair Amháin, Leabhar Amháin' agus is é an leabhar roghnaithe le haghaidh 2016 ná 'Fallen' le Lia Mills - scéal grá fíorshuimiúil i measc fhothracha an Chéad Chogaidh Dhomhanda agus Éirí Amach na Cásca.<br><br>Níl aon táille ar theacht isteach, ach moltar do dhaoine cur in áirithint a dhéanamh. |
| VISIT *http://source.southdublinlibraries.ie*<br>FÉACH *http://source.southdublinlibraries.ie* | **1916–1921 Revolutionary Period material in Source, South Dublin Libraries Dublin Libraries' digital archive.**<br>Over 1,700 items have been digitally acquired from individuals and organisations and made publicly available online. | **1916–1921 Ábhair Tréimhse Réabhlóidí i Source, Leabharlanna Átha Cliath Theas Cartlann dhigiteach Leabharlann Bhaile Átha Cliath.**<br>Breis agus 1,700 píosaí a fuarthas ó dhaoine aonair agus ó ghrúpaí agus atá á gcur ar fáil go poiblí ar líne. |

| | | |
|---|---|---|
| 15TH FEBRUARY–28TH MAY 2016<br>15 FEABHRA–28 BEALTAINE 2016<br>County Library, Tallaght<br>Leabharlann an Chontae, Tamhlacht<br>14TH MARCH–27TH MAY 2016<br>14 MÁRTA–27 BEALTAINE 2016<br>Ballyroan Library<br>Leabharlann Bhaile Uí Ruáin<br>15TH JUNE–29TH JULY 2016<br>15 MEITHEAMH–29 IÚIL 2016<br>Lucan Library<br>Leabharlann Leamhcáin | **South Dublin and the 1916 Rising Exhibition**<br>As well as the physical exhibition, the exhibition will also be made available online, and will include the 1916 Roll of Honour, an updated and corrected list of Dublin 1916 combatants. Guided tours of South Dublin and the 1916 Rising Exhibition will be provided for primary school children, in the County Library from March–May 2016. The exhibition (or elements of it, depending on space etc.) will also be touring other South Dublin Libraries branches from June–December 2016. Venues and dates to be confirmed.<br>*www.southdublinlibraries.ie* | **Taispeántas Átha Cliath Theas agus Éirí Amach 1916**<br>Chomh maith leis an taispeántas fisiceach, cuirfear an taispeántas ar fáil ar líne freisin, agus beidh Liosta na Laoch 1916 san áireamh leis, liosta nuashonraithe agus ceartaithe de throdaithe Bhaile Átha Cliath in 1916. Cuirfear turais threoraithe ar Thaispeántas Átha Cliath Theas agus Éirí Amach 1916 ar fáil do pháistí bunscoile i Leabharlann an Chontae ó Mhárta–Bealtaine 2016. Beidh an taispeántas (nó codanna de, ag brath ar spás) ag dul ar camchuairt go craobhacha leabharlainne eile in Átha Cliath Theas ó Mheitheamh–Nollaig 2016. Áiteanna agus dátaí le deimhniú.<br>*www.southdublinlibraries.ie* |
| County Library, Tallaght<br>Leabharlann an Chontae, Tamhlacht | **Dublin Fire Brigade and the 1916 Rising**<br>An exhibition exploring the role of the DFB in the Rising.<br>Visit *www.southdublinlibraries.ie* for further details. | **Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath agus Éirí Amach 1916**<br>Taispeántas a scrúdaíonn ról an BDBAC san Éirí Amach.<br>Tuilleadh mionsonraí ar fáil ag *www.southdublinlibraries.ie* |
| OCTOBER 2016<br>OCTOBER 2016 | **Red Line Book Festival** featuring literary events. For details visit *www.redlinebookfestival.ie* | **Féile Leabhar Red Line** i nDeireadh Fómhair 2016 ina mbeidh ócáidí liteartha. Má tá sonraí uait, féach ar *www.redlinebookfestival.ie* |

## The Living Language
## An Teanga Bheo

| | | |
|---|---|---|
| JANUARY–DECEMBER 2016<br>EANÁIR–NOLLAIG 2016 | **Cárta Cúpla Focal**<br>Irish Language Phrases—design and production of a wallet card which includes every day Irish Language Phrases to encourage greater use of the spoken Irish Language. This card would be distributed to Public Sector Organisations, Local Businesses, Sports Clubs, Community and Voluntary agencies and the Public Participation Network. | **Cárta Cúpla Focal**<br>Frásaí Gaeilge—cárta vallaite a dhearadh agus a dhéanamh le frásaí Gaeilge a bhíonn i ngnáth-úsáid laethúil. Déanfar an cárta seo a dháileadh ar Eagraíochtaí san Earnáil Phoiblí, Gnólachtaí Áitiúla, Clubanna Spóirt, Gníomhaireachtaí Pobail agus Deonacha agus an Líonra Rannpháirtíochta Pobail. |

| | | |
|---|---|---|
| LAUNCHED IN JANUARY 2016<br>LE SEOLADH IN EANÁIR 2016 | **Mayor's School Initiative**<br>Mayor of South Dublin County will invite schools to participate in a poetry competition to commemorate 1916. | **Tionscnamh Scoileanna an Mhéara**<br>Tabharfaidh Méara Átha Cliath cuireadh do scoileanna páirt a ghlacadh i gcomórtas filíochta chun 1916 a chomóradh. |
| JANUARY 2016<br>EANÁIR 2016<br>Ionad Cultúir Áras Chrónáin<br>*Irish Cultural Centre*<br>Ionad Cultúir Áras Chrónáin<br>*Ionad Cultúir Gaeilge* | **Bilingual Screening of the Birth of a Nation Film**<br>Produced to mark the celebration of the centenary of the 1916 Rising followed by question and answer session. | **Léireofar Taispeántas dátheangach an scannáin Birth of a Nation**<br>Le cuimhneachán céad bliain Éirí Amach 1916 a chomóradh agus Seisiún Cheisteanna agus Freagraí ina dhiaidh. |
| FEBRUARY 2016<br>FEABHRA 2016<br>Ionad Cultúir Áras Chrónáin<br>*Irish Cultural Centre*<br>Ionad Cultúir Áras Chrónáin<br>*Ionad Cultúir Gaeilge* | **Launch of an Irish Language App**<br>Lingua-App is a unique learning tool for teachers and students of the Irish language as well as being an excellent assistant for parents. | **Seoladh Aip Ghaeilge**<br>Is uirlis foghlama uathúil é Lingua-App do mhúinteoirí agus do mhic léinn na Gaeilge chomh maith le bheith ina chúntóir iontach do thuismitheoirí. |
| 15TH MARCH 2016<br>15 MÁRTA 2016 | **Proclamation Day Event**<br>Reading of the Irish Translation of the Proclamation and Raising of the National Flag. | **Imeacht Lá an Fhorógra**<br>Aistriúchán Gaeilge an Fhorógra a Léamh agus Ardú an Bhrataí Náisiúnta. |
| 2016<br>2016<br>Countywide<br>Ar fud an Chontae | **From Hermitage to Harlem**<br>PH Pearse in the United States: Bilingual Exhibition on loan from the Pearse Museum. | **Ó Hermitage go Harlem**<br>Taispeántas dátheangach faoi PH Mac Piarais sna Stáit Aontaithe ar iasacht ó Iarsmalann an Phiarsaigh. |
| 1ST–17TH MARCH 2016<br>1–17 MÁRTA 2016<br>Countywide<br>Ar fud an Chontae | **Seachtain na Gaeilge Átha Cliath Theas**<br>This Irish Festival takes place throughout the county during March and it is a great opportunity for us to come together to celebrate our National Culture through music, dance, arts, crafts and our unique and beautiful language. | **Seachtain na Gaeilge Átha Cliath Theas**<br>Beidh An Fhéile Cheiliúrtha seo na Gaeilge ar siúl fud fad an chontae le linn mhí an Mhárta agus is deis iontach í teacht le chéile chun ár gCultúr Náisiúnta a cheiliúradh trí cheol, damhsa, na healaíona, ceirdeanna agus ár dteanga uathúil álainn. |
| MAY 2016<br>BEALTAINE 2016<br>Ionad Cultúir Áras Chrónáin<br>*Irish Cultural Centre*<br>Ionad Cultúir Áras Chrónáin<br>*Ionad Cultúir Gaeilge* | **Féile na Bealtaine**<br>Féile na Bealtaine will endeavour to encourage and to build on the rich tradition of arts and culture that exists in South Dublin County and to extend and broaden our artistic horizons—above all Féile hopes to entertain and to invigorate. Féile Bealtaine will aim to highlight and promote South Dublin County's traditions and bilingual culture to the people of Clondalkin and South Dublin County through a wide range of activities and events throughout the Féile. | **Féile na Bealtaine**<br>Déanfaidh Féile na Bealtaine iarracht cur leis na traidisiúin shaibhir ealaíon agus chultúir atá ann i gContae Átha Cliath Theas agus iad a spreagadh chun ár scóip ealaíon a leathnú—thar gach rud tá súil ag Féile siamsaíocht agus fuinneamh a aimsiú. Beidh sé d'aidhm ag Féile Bealtaine traidisiúin agus cultúr dátheangach Átha Cliath Theas a chur chun cinn do phobail Chluain Dolcáin agus Átha Cliath Theas trí réimse leathan gníomhaíochtaí agus imeachtaí ar fud na Féile. |



| | | |
|---|---|---|
| JAN–MAY AND SEP–DEC 2016<br>EAN–BEALTAINE AGUS M.FÓMH–NOLL 2016<br>Ionad Cultúir Áras Chrónáin<br>*Irish Cultural Centre*<br>Ionad Cultúir Áras Chrónáin<br>*Ionad Cultúir Gaeilge* | **Weekly Spoken Irish Classes and Intensive Fun Courses**<br>Informal, enjoyable classes—It is our aim to help you to be at ease in the class in an enjoyable atmosphere and to give you the confidence to improve your Gaeilge and to speak it.<br>*www.araschronain.ie* | **Ranganna Seachtainiúla Comhrá Gaeilge agus Dianchúrsaí Spraíula**<br>Ranganna neamhfhoirmiúla, taitneamhacha—tá sé mar aidhm againn cabhrú leat bheith ar do shuaimhneas sa rang in atmaisféar taitneamhach agus an mhuinín a thabhairt duit.<br>*www.araschronain.ie* |
| JUNE, JULY, AUGUST 2016<br>MEITHEAMH, IÚIL, LÚNASA 2016<br>Ionad Cultúir Áras Chrónáin<br>*Irish Cultural Centre*<br>Ionad Cultúir Áras Chrónáin<br>*Ionad Cultúir Gaeilge* | **Summer Festivals** with family events, Irish music and summer camps for children with a commemorations theme.<br>**June 2016:** Féile Chluain Dolcáin<br>**July 2016:** Lá Teaghlaigh le Cóisir Ghairdín/Family Day Garden Party<br>**August 2016:** Féile Chrónáin | **Féilte Samhraidh** le himeachtaí teaghlaigh, ceol Gaelach agus campaí samhraidh a bhfuil téama comóraidh ag baint leo do pháistí.<br>**Meitheamh 2016:** Féile Chluain Dolcáin<br>**Iúil 2016:** Lá Teaghlaigh le Cóisir Ghairdín<br>**Lúnasa 2016:** Féile Chrónáin |
